2024/1168

18.4.2024

CINNEADH (AE) 2024/1168 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Aibreán 2024

lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na hIodáile,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige Pietro RUSSO in éag an 29 Feabhra 2024.

(2) Mhol Poblacht na hIodáile go gceapfaí Carlo Alberto MANFREDI SELVAGGI mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2030.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Carlo Alberto MANFREDI SELVAGGIA a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Carlo Alberto MANFREDI SELVAGGI mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 30 Aibreán 2030.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

V. VAN PETEGHEM

[1] Tuairimí an 14 Márta 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).